Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 13 Iúil 2022

CM 3624/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0203(NLE)

AVIATION
ICAO
RELEX
PROCED

## TEACHTAIREACHT

### AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | avia-mar@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8212 |
| Ábhar: | **Nós imeachta i scríbhinn a dteastaíonn freagra ina leith faoi 17.30 CET (am na Bruiséile) Déardaoin an 14 Iúil 2022, le ríomhphost chuig avia-mar@consilium.europa.eu**<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta<br>– Glacadh<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), an 13 Iúil 2022, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh an chinnidh mar a leagtar amach in JL 10712/22 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe.

Iarrtar oraibh **'AONTAÍMID'**, **'NÍ AONTAÍMID'** nó **'STAONAIMID'** a thabhairt mar fhreagra ar an gceist. Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Foilseofar an cinneadh ón gComhairle, má ghlactar é, san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle tráth nach déanaí ná Déardaoin an 14 Iúil 2022 ar 17.30 (CET, am na Bruiséile), agus ba cheart iad a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: avia-mar@consilium.europa.eu.